

# Gaelscoil Riada

Bóthar Ráithín: Baile Atha an Rí: Co. na Gaillimhe. Fón: (091)850638

Uimhir Rolla: 20237T

Príomhoide: Maeve Ní Fhlaithearta

## Polasaí Riaracháin Cógais

### Réamhrá

Is gaelscoil ilchreidmheach í Gaelscoil Riada a aithníonn na héagsúlachtaí agus difríochtaí atá idir páistí agus an gá atá ann le tuiscint agus meas ar na h-éagsúlachtaí seo a chothú.

Cuireadh an **polasaí Riaracháin Cógais** seo le chéile le comhoibriú ó Mhúinteoirí, Coiste na dTuismitheoirí agus Bord Bainistíochta na scoile.

### Sainmheon na scoile

Is ceann de bhunaidhmeanna na scoile timpeallacht slán sábháilte a chruthú do phobal iomlán na scoile. Cinntíonn an polasaí seo go bhfuil aird tugtha do pháistí a bhfuil riachtannas cógais orthu.

### Aidhmeanna

- Dualgasá an Bhord Bainistíochta i leith Sláinte agus Slándála a chomhlíonadh
- Sláinte agus sábháilteacht daltaí a chaomhnú agus iad faoi chúram foirne na scoile
- Treoracha agus cosaint a leagadh síos do mhúinteoirí atá toilteannach cógas a riaradh ar pháistí faoi theor an Bhoird
- An scoil a chosaint ó dhlíthíocht

### Nósanna imeachta:

Líontar **Foirm Sláinte & Sábháilte** nuair a chláraítear an dalta sa scoil: Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go gcuirfeadh an scoil ar an eolas, i scríbhinn, maidir le riocht sláinte ar bith atá ag a gcuid páistí. Ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl nuair a chláraítear an dalta nó láithreach nuair a deimhnítear an riocht sláinte.

Coiméadtar filteáin eolas faoi pháistí a bhfuil ag fulaingt le riocht sláinte san oifig, bíonn eolas faoin riocht sláinte agus nósanna imeachta chun an cógas a riaradh (ar oideas dochtúra agus a bhfuil faomhadh an Bhord faighte ag múinteoirí chun an oideas a riaradh) sa bhfilteáin seo. Tá grianghraf don pháiste agus eolas teagmhála tuismitheoirí/chaomhnóirí chomh maith le uimhreacha éigeandála sa bhfilteáin freisin.

Cinntíonn an scoil go bhfuil an liosta seo cruinn ag tús gach scoilbhliain agus cuirtear leis de réir mar a thugtar eolas nua dúinn. Má thagann aon athrú an an eolas atá tugtha ag tuismitheoirí/chaomhnóirí dúinn, tá sé mar dhualgas ar thuismitheoirí an athrú seo a chur in iúl dúinn.

Sa pholasáí seo, 'sé is brí le cógas ná cóir leighis a dtugtar idir cógais, taibléidí, spraeanna agus instealltaí.

I gcás ionanálaitheoir faoisitheora, moltar ainm an pháiste a bheith air. Ligtear don pháiste an ionanálaitheoir a bheith acu sa mhála munar gá don mhúinteoir é a riaradh nó monatóireacht a dhéanamh ar an riaracháin.

***Is gá Aguisín 4 a líonadh isteach is a chur chuig oifig na scoile sa chás go bhfuil ionanálaitheoir sa mhála ag do pháiste.***

### **Rólanna agus Freagrachtaí**

#### **1) Tuismitheoirí/Caomhnóirí :**

Ba chóir go seolfadh an tuismitheoir/caomhnóir, i scríbhinn, iarratas go dtí an Bord Bainistíochta ag lorg baill foirne a bheith údaraithe chun an cógas a thabhairt, nó chun monatóireacht a dhéanamh ar fhéin-ghlacadh an chógaos más cuí. ( Féach Aguisín 1)

**Tá sé mar dhualgas ar thuismitheoirí an t-eolas thíos a chur ar fáil don Bhord i scríbhinn:**

1. Sonraí an pháiste
2. Sonraí an riocht sláinte
3. Comharthaí an riocht sláinte agus cúinsí nuair is gá an cógas a riaradh
4. Socruithe i leith an gcogais a riaradh-san áireamh tá féin-ghlacadh/riaradh, riaracháin faoi maoirseacht tuismitheoir nó riaracháin faoi maoirseacht an mhúinteora
5. Treoir maidir leis an gcogais a riaradh ( Féach Aguisín 3)
6. Nósanna imeachta chun an cógas a stóráil
7. Dáta ídithe an chógaos & an chógaos a bhailiú nuair atá sé as dáta
8. I gcásanna ina bhfuil páistí i mbaol báis ó bhreiteacht, ba chóir do thuismitheoirí a chur in iúl, go soiléir i scríbhinn, cad ba chóir agus nár chóir a dhéanamh i gcás práinne áirithe, ag díriú ar a bhfuil mar bhaol don pháiste.

#### **Tá freagracht ar thuismitheoirí a chinntiú**

1. Go bhfuil an chógaos sa scoil agus go bhfuil sé ag an múinteoir ranga
2. Go bhfuil i ndóthain cógas ar fáil agus go bhfuil an chógaos i dáta
3. Go dtugtar abhaile an mála ina bhfuil an cógas ag deireadh an lae.(ach amháin sa gcás gur cuireadh iarratas isteach i scríbhinn chuig an Bhord Bainistíochta chun an cogais a stóráil ar scoil)
4. An mhúinteoir ranga & an príomhoide a choinneáil ar an eolas faoi athrú ar bith a thágann ar riocht sláinte an pháiste nó ar an gcogais.

#### **Más rud é go bhfuil cead an Bhord faighte chun an chógaos a stóráil ar scoil:**

Tá sé de dhualgas ar thuismitheoir treoirilínte soiléir a chuir ar fáil maidir leis an gcogais a stóráil.

Beidh nósanna imeachta i leith an chógaos a riaradh ar eolas ag gach múinteoir agus fios acu cá mbíonn an cógas stóráilte.

## **Cógas a bhailiú**

- Tá sé de dhualgas ar thuismitheoir an cógas a bhailiú nuair atá sé críochnaithe acu. Tá dualgas ar thuismitheoir an Bord Bainistíocht a chur ar an eolas má thágann aon athrú ar treoracha, moltaí nó dáileogacht.
- Beidh an cógas bailithe ag deireadh gach téarma agus tabharfar don múinteoir ranga arís é an tús an chéad téarma eile
- Tá freagracht diúscairt an chógais ar thuismitheoir an pháiste.
- Coinneofar tuairisc scríofa sa rang ar aon chógas a thabharfar ar ais chuig thuismitheoir.

Tá sé de dhualgas freisin ar thuismitheoirí/chaomhnóirí slánaíocht a thabhairt don Bhord agus baill foirne údaraithe i dtaobh dliteanas ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le cógas ar oideas dochtúra a riaradh sa scoil. Cuirfidh an Bord chomhlacht arachas na scoile ar an eolas maidir dá réir sin. (Féach Aguisín 2)

***Ní bhaineann an polasaí seo le gníomhaíochtaí iar-scoile cuma an bhfuil siad ar siúl sa scoil nó in áit ar bith eile. Is gá do thuismitheoirí an cás seo a phlé leis an duine atá i gceannas, Cuma aé atá á éagrú.***

## **Bord Bainistíochta**

- Is féidir leis an mBord, tar éis machnamh a dhéanamh air, baill foirne a údarú le cógas a riaradh do dhalta, nó le monatóireacht a dhéanamh ar fhéin-ghlacadh an dalta féin más cuí agus coiméadarfaid taifead den cinneadh sin i nótaí an Bhoird.
- Cinneoidh an Bord go bhfuil foireann iomlán na scoile ar an eolas maidir le páistí le riachtanais sláinte agus go bhfuil siad eolach maidir leis na nósanna ineachtaí i gcás éigeandála.
- Cinnteoidh an Bord go bhfuil na daoine údaraithe eolach i gceart conas an cógas a riaradh.
- Cinnteoidh an Bord go bhfuil slánaíocht ar fáil ó na thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le dliteanas ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le riaradh cógais
- Ba chóir don Bhord an t-eolas cuí a chur ar fáil d'árachóirí na scoile gan mhoill.
- Ba chóir don Bhord socruithe cuí a dhéanamh chun cógas a stóráil;
- ba chóir freisin socruithe a dhéanamh chun na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm sa chás go mbíonn an ball foirne údaraithe as láthair. Beidh filteáin san oifig le líosta do na múinteoirí atá sásta an cógas a riaradh.
- Déanfar cinnte go bhfuil duine údaraithe ar aon turas scoile nó imeacht scoile.

## **Ball Foirne**

- Níor chóir riamh go mbeadh de dhualgas ar bhall foirne cógas a thabhairt do dhalta.
- Leanfaidh na baill foirne nósanna imeachta atá leagtha síos sa litir ón thuismitheoir sa tuiscint go bhfuil sábháilteacht ag baint leis
- Ba chóir treoir scríofa maidir le riaradh an chógais a bheith ar fáil agus traenáil i riaradh an chógais ó thuismitheoir nó ó traenálaí oillte eile

- Níor chóir cógas a riaradh gan cead speisialta a bheith faighte ón mBord Bainistíochta agus é a bheith taifeadtha i nótaí an chruinnithe.
- Agus iad ag riaradh cógais do dhaltaí, ba chóir go mbeadh na baill foirne ag feidhmiú mar a dhéanadh tuismitheoir stuama díograiseach.
- Ba chóir tuairisc scríofa a choiméad i dtaobh dáta agus am riartha. (féach Aguisín 4)
- Ba chóir fios a chur gan mhoill ar lucht leighis cáilithe nuair a tharlaíonn éigeandáil.
- Ba chóir dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn fadhb nó éigeandáil i gceist.

### **Éigeandáil**

I gcás éigeandála, níor chóir don fhoireann ach an méid atá riachtanach a dhéanamh chun freastal ar fhulaingt an dalta agus aon chontúirt eile a sheachaint. Ba chóir fios a chur gan mhoill ar lucht leighis cáilithe nuair a tharlaíonn éigeandáil.

Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoil a choiméad ar an eolas faoi athruithe le sonraí teagmhála ionas gur féidir leis an scoil teacht orthu i gcás práinne.

Sa chás nach bhfuil aon chógas ar fáil, agus nuair is gá cúram cógais, is féidir le ball foirne réamh-shocruithe an páiste a thabhairt chuig an dochtúir áitiúil nó an tAonad Timpistí agus Éigeandála. Cuirfear glaoch ar na tuismitheoirí/caomhnóirí ag an am céanna.

### **Bosca Garchabhrach**

Coiméadtar bosca garchabhrach in oifig na scoile agus halla na scoile .

Comhlíonann an bhosca seo na rialacha atá leagtha síos ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Téann bosca garchabhrach le ranganna a théann amach ó láthair na scoile ar thuras. Ba chóir freisin go dtógfar cógais a bhaineann le pásite faoi leith amach ar thuras.

### **Critéir Ráthúlachta**

- Go bhfuilimid ag cloí le dlíthe Sláinte agus Slándála.
- Go bhfuil timpeallacht slán comhbhách á chruthú do na páistí.
- Aischothú dearfach ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ó dhaltaí.

### **Clár ama Athbhreithnithe**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí le linn 2015, ar chlárú do pháiste le ríocht sláinte suntasach nó má tharlaíonn aon eachtra éigeandála a léiríonn gur gá athruithe a dhéanamh sa pholasaí.

### **Daingniú**

Daingnithe ar an 12 Feabhra 2014.

Sínithe ag *Brian Ó Maoilchiaráin* ( **Cathaoirleach BB** )

